C/2025/5777

29.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12034 — METINVEST / ARCELORMITTAL TUBULAR PRODUCTS IASI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5777)

1. An 21 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Metinvest B.V. ('Metinvest', an Ísiltír), faoi rialú Rinat Akhmetov (saoránach den Úcráin) agus Smart Steel Limited (an Chipir),

— ArcelorMittal Tubular Products Iasi S.A. ('AMTP Iasi', an Rómáin), faoi rialú ArcelorMittal S.A. (Lucsamburg).

Gheobhaidh Metinvest rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar AMTP Iasi ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta de ghrúpa idirnáisiúnta mianadóireachta agus miotal atá comhtháite go hingearach é Metinvest, atá corpraithe san Ísiltír, a bhfuil sócmhainní aige go príomha san Úcráin, san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá Metinvest agus a fhochuideachtaí sócmhainní gníomhach sa slabhra táirgthe cruach agus trádála, ó amhiarann agus gual a eastóscadh go táirgí cruacha leathchríochnaithe agus críochnaithe a tháirgeadh, go trádáil idirnáisiúnta.

— Tá AMTP Iasi, atá ionchorpraithe sa Rómáin, gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar feadán cruach carbóin táthaithe beag.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12034 — METINVEST / ARCELORMITTAL TUBULAR PRODUCTS IASI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË